

Teideal: Tionchar Covid-19 ar Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla – Anailís ar Chásobair Eurojust

Dáta:

14 Aibreán 2021

URL:

<https://www.eurojust.europa.eu/impact-covid-19-judicial-cooperation-criminal-matters>

Ó na céimeanna luatha de phaindéim an ghalair choróinvíris (COVID-19), léiríodh i gcásobair Eurojust go raibh deacrachtaí éagsúla ag cleachtóirí sna Ballstáit agus iad ag déileáil le cásanna a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla. Bhí na saincheisteanna sin mar thoradh ar na bearta a chuir na Ballstáit chun feidhme chun dul i ngleic le scaipeadh COVID-19 agus bhí tionchar acu ar na hionstraimí uile a chuirtear i bhfeidhm go coitianta i réimse an chomhair bhreithiúnaigh. Ina theannta sin, leis na hathruithe sóisialta, a leithéid nach bhfacthas riamh roimhe sin, cruthaíodh deiseanna nua do ghrúpaí coireachta eagraithe brabús aindleathach a bhaint amach.

Is é is aidhm don tuarascáil seo na deacrachtaí sonracha a bhaineann le cur i bhfeidhm na n-ionstraimí comhair bhreithiúnaigh is coitianta a d'eascair as an bpaindéim a shainaithint. Thairis sin, aithnítear inti na coireanna is minice a rinneadh agus a bhí nasctha go díreach leis an bpaindéim. Déantar cur síos sa tuarascáil freisin ar ról Eurojust i ndáil leis na saincheisteanna sin agus cuirtear ar fáil inti achoimrí ar dhea-chleachtas. Beidh an t-eolas sin ina thairbhe do chleachtóirí agus don lucht déanta beartas sa chás go gcuirfead bearta urghnácha i bhfeidhm an athuir.

Leis an tuarascáil seo, comhlánaítear Tiomsú Comhpháirteach Eurojust-EJN maidir le tionchar COVID-19 ar chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla ⁽¹⁾. Cé go ndíríonn an tiomsú sin ar na bearta arna nglacadh ag na Ballstáit chun scaipeadh an víris a chomhrac agus ar an tionchar atá acu siúd ar chomhar breithiúnach i gcoitinne, tá an tuarascáil bunaithe ar anailís chásanna sonracha arna gclárú ag Eurojust sa tréimhse ó Aibreán 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2020.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhchonclúidí a eascraíonn as an anailís sin mar seo a leanas.

1. Bhí meicníocht an Bharántais Gabhála Eorpaigh (BGE) ag feidhmiú i gcónaí, cé go raibh tionchar suntasach ag bearta paindéime, amhail dúnadh teorainneacha agus coraintín éigeantach, chomh maith le ganntanas foirne póilínachta, ar an gcéim dheiridh d'imeachtaí BGE: géilleadh fisiciúil an duine a iarradh. Cuireadh na rialacha ábhartha dlí a shonraítear in Airteagal 23 den Chreatchinnéadh um Barántas Gabhála Eorpach (CC BGE) ⁽²⁾ i bhfeidhm nuair a bhí gá le géilleadh a chur siar. D'iarr na húdaráis fhorghníomhaithe cúnaimh Eurojust lena n-iarratais ar fhaisnéis fhorlíontach (faoi Airteagal 15(2) den CC BGE) níos minice ná mar is gnách. Trí na hiarratais ábhartha a tharchur (i gcomhthéacs Airteagal 23 agus Airteagal 15(2) araon) trí Eurojust, cuireadh ar chumas cleachtóirí freagraí tráthúla a fháil agus dul ar aghaidh le himeachtaí BGE. Go

⁽¹⁾ Doiciméad WK 587/2021 ón gComhairle; tá an achoimre fheidhmeach ar fáil ar líne (<https://www.eurojust.europa.eu/sites/default/files/2021-02/st06178.en21.pdf>).

⁽²⁾ Creatchinnéadh ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta géillte idir Ballstáit (2002/584/JHA).

háirithe maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 23, d'éascaigh rannpháirtíocht luath Eurojust comhaontú tapa ar dháta nua géillte.

2. Lean na Ballstáit d'ionstraimí a bhaineann le malartú fianaise a fhorghníomhú agus de bhearta imscrúdaitheacha a chur chun feidhme. Mar sin féin, i gcásanna áirithe níor thug na húdaráis tús áite d'iarratais agus níor fhorghníomhaigh na húdaráis iarratais ach amháin i gcásanna eisceachtúla agus i gcásanna tromchoireanna. Ba é an toradh a bhí air sin go raibh moill ar fhorghníomhú Orduithe Imscrúdaithe Eorpacha agus iarratas ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach, go háirithe i gcásanna ina raibh gá leis an duine a bheith i láthair go fisiciúil (éisteachtaí finnétithe nó éisteachtaí daoine a bhfuil amhras fúthu).
3. Sna céimeanna tosaigh den phaindéim, bhí cleachtóirí i dteagmháil le Eurojust go minic le hiarratais ar Ordú Imscrúdaithe Eorpach a tharchur⁽³⁾, iarratas ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach agus/nó ordú caltha ⁽⁴⁾. Measadh gur modh iontaofa é tarchur na n-iarratas sin trí Eurojust lenar cumasaíodh aiseolas láithreach ar sheachadadh agus nuashonruithe féideartha níos moille ar fhorghníomhú. Bhí an méadú sin ar iarratais a cuireadh isteach trí Eurojust mar thoradh i bpáirt ar fhoirceannadh gnáthsheirbhísí poist agus cúiréireachta sna Ballstáit.
4. Sa chás sin, ní mór ardán leictreonach aonair a bhunú le haghaidh malartú na n-uirlisí comhair bhreithiúnaigh is minice a úsáidtear agus nach mbraitheann ar tharchur cóipeanna crua. Tá an méid sin ag teacht go maith leis na hullmhúcháin i ndáil le cur chun feidhme an Chórais um Malartú Digiteach r-Fhianaise (e-EDES) mar chuid den tionscadal Ceartais Choiriúil Dhigitigh a sheol an Coimisiún Eorpach.
5. Bhí tionchar mór ag teorainneacha taistil ar ghníomhaíochtaí na bhfoirne comhpháirteacha imscrúdaithe (JITanna). I roinnt cásanna, cuireadh siar laethanta comhghníomhaíochta a bhí beartaithe. Cuireadh moill ar an gcaibidlíocht maidir le JITanna nua agus bunaíodh na JITanna níos déanaí. Nuair a áiríodh an t-athrú tobann sna cúinsí a bhaineann le comhar JIT, leasaigh Eurojust a chlár maoinithe JITanna agus chuir sé ardán daingean cumarsáide ar fáil do chomhaltaí JIT chun a gcruinnithe a reáchtáil ar líne.
6. Deis a bhí sa phaindéim do ghrúpaí coireachta eagraithe, a bhain leas as an éileamh ar nithe sonracha a bhaineann le rialacha nua sláinteachais agus rinne siad calaoisí a bhaineann le fóirdheontais stáit.

⁽³⁾ Faoi Threoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla.

⁽⁴⁾ Ba é Creatchinneadh 2003/577/JHA ón gComhairle an 22 Iúil 2003 an ionstraim a cuireadh i bhfeidhm, maidir le forghníomhú san Aontas Eorpach orduithe lena ndéantar maoin nó fianaise a chalcadh.

7. Bhí Eurojust ag feidhmiú go hiomlán i gcónaí in ainneoin na srianta a cuireadh i bhfeidhm le linn na paidéime agus tá a chuid seirbhísí caighdeánacha á gcur ar fáil go gníomhach aige do chleachtóirí ar fud an AE.

Tá míniú mionsonraithe ar na conclúidí sin, lena n-áirítear samplaí sonracha a bhaineann le cásanna Eurojust agus dea-chleachtais do chleachtóirí, le fáil sa tuarascáil seo.